Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council



COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE TEORAINN LUAIS SPEISIALTA FODHLÍTHE UIMH. 1, 2023

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Halla na Cathrach
Bóthar an Choláiste
Gaillimh
H91 X4K8

COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE FODHLÍTHE TEORAINN LUAIS SPEISIALTA UIMH. 1, 2023

Comhairle Cathrach na Gaillimhe i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le hAlt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004) arna leasú le hAlt 22 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 agus le toiliú Bhonneagar Iompar Éireann (BIÉ), agus tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, déanann sé leis seo na fodhlíthe seo a leanas i leith an limistéir arb é limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe é.

1. Féadfar **Fodhlíthe Uimh. 1, 2023 Teorainn Luais Speisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe** a luaigh mar na fodhlíthe seo

2. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an **28ú Lúnasa, 2023.**

3. **Sainmhínithe**

   Sna fodhlíthe seo:

   ciallaíonn "Acht 1993" Acht na mBóithre, 1993 (Uimh. 14 de 1993);

   ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004);

   tá le "limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe" agus an bhrí a shanntar dó in alt 25(4)(a) agus Cuid 1 de Sceideal 1 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014;

   ciallaíonn "an tAire" an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;

   tá le "feithicil tiomáinte go meicniúil" agus an bhrí a shonraítear in Alt 3(1) de Chuid I den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961;

   ciallaíonn "fad" fad arna thomhas feadh lárlíne an bhóthair;

   ciallaíonn "bóthar" bóthar poiblí agus áirítear mótarbhealach;

   tá le "bóthar áitiúil", "bóthar réigiúnach", "bóthar náisiúnta", agus "mótarbhealach" agus an bhrí a shanntar dóibh le hAcht 1993;

ciallaíonn “bóthar imlíne” bóthar a bhfuil teorainn cathrach, buirge, nó baile ar agus feadh a bóthar agus measfar é a bheith laistigh den teorainn sin chun críocha na bhfodhlíthe seo;

ciallaíonn “limistéar foirgnithe” limistéar cathrach, buirge nó baile de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 2001 arna leasú;

tá le “teorainn luais limistéir fhoirgnithe” agus an bhrí a shanntar in Alt 5 d'Acht 2004;

4. Forordaíonn na Fodhlíthe seo luasteorainneacha 100, 80, 60 agus 30 ciliméadar san uair maidir leis na bóithre poiblí a luaitear faoi seach sa Chéad, sa Dara, sa Tríú agus sa Cheathrú Sceideal atá iontu.

5. An Chéad Sceideal – 100km/u: Is é céad ciliméadar san uair a bheidh mar an luasteorainn le haghaidh feithiclí tiomáinte go meicniúil ar bhóithre a shonraítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

6. An Dara Sceideal – 80km/u: Ochtó ciliméadar san uair a bheidh mar an luasteorainn le haghaidh feithiclí tiomáinte go meicniúil ar bhóithre a shonraítear sa Dara Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

7. An Tríú Sceideal – 60km/u: Seasca ciliméadar san uair a bheidh mar an luasteorainn le haghaidh feithiclí tiomáinte go meicniúil ar bhóithre a shonraítear sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

8. An Ceathrú Sceideal – 30km/u: Tríocha ciliméadar san uair a bheidh mar an luasteorainn le haghaidh feithiclí tiomáinte go meicniúil ar bhóithre a shonraítear sa Cheathrú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo.

9. Eisceachtaí: Beidh eiscthe ó na luasteorainneacha speisialta a fhorordaítear sna Fodhlíthe seo, na nithe seo a leanas agus iad á n-úsáid i gcúrsa dualgais:-

(a) Otharchairr;
(b) Feithiclí briogáide dóiteáin, agus
(c) Feithiclí an Gharda Síochána agus
(d) Aon fheithicil atá faoi réir luasteorainn mar a fhorordaítear ag an Aire de bhun Alt 4 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004.

10. Cealaítear leis seo Rialachán 2 den Chéad Sceideal, Rialachán 25 den Dara Sceideal agus Rialachán 8 den Tríú Sceideal de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre

(Luasteorainneacha) (Contaebhuirg na Gaillimhe agus Contae na Gaillimhe), 1987 (S.I. Uimh. 273/1987).),.

11. Cealaítear leis seo Fodhlíthe Speisialta Teorainn Luais 2009 de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

12. Tá na Fodhlíthe um Thrácht ar Bhóithre (Teorainn Luais Speisialta) Chathair na Gaillimhe, Uimh. 1 – 2017 (CRIOSANNA MALL EASTÁIT TITHÍOCHTA) i bhfeidhm i gcónaí.

AN CHÉAD SCEIDEAL

Bóithre i gCathair na Gaillimhe a bhfuil luasteorainn speisialta céad ciliméadar san uair (**100 km/u**) forordaithe ina leith.

Na bóithre seo a leanas:

(i) An N6 ó phointe 80 méadar lastoir dá acomhal le Bóthar an Bhaile Bháin R865 soir trí Acomhal Chnoc Mhaoil Drise go Timpeallán Chúil Each, lena n-áirítear na sliosbhóithre soir agus ó dheas, agus a shíneann soir go Teorainn na Cathrach.

(ii) An R446 ó Thimpeallán Chúil Each ó dheas go Timpeallán na Máirtíneach agus ag síneadh soir go Teorainn na Cathrach.

(iii) Bóthar Thuama an N83 ó phointe 670 méadar lastuaidh dá acomhal le Bóthar an Chaisleáin Ghearr L-5039 (ar a dtugtar Bóthar na Scoile freisin) a shíneann ó thuaidh chomh fada le Teorainn na Cathrach.

AN DARA SCEIDEAL

Bóithre i gCathair na Gaillimhe a bhfuil luasteorainn speisialta ochtó ciliméadar san uair (**80km/u**) forordaithe ina leith.

Na bóithre seo a leanas:

(i) An N6 ó phointe 100 méadar lastoir dá acomhal le Bóthar Áth Cinn an N84 (Acomhal Chiarabhán) a shíneann soir go dtí a acomhal le Bóthar Thuama an N83.

(ii) Bóthar Áth Cinn an N84 ó phointe 975 mhéadar lastuaidh dá acomhal leis an L-5041 Bóthar an Chóiste a shíneann ó thuaidh chomh fada le Teorainn na Cathrach.

AN TRÍÚ SCEIDEAL

Bóithre i gCathair na Gaillimhe a bhfuil luasteorainn speisialta seasca ciliméadar san uair (**60km/u**) forordaithe ina leith.

Na bóithre seo a leanas:

i. Bóthar Áth Cinn an N84 ó phointe 173 mhéadar lastuaidh dá acomhal leis an L-5041 Bóthar an Chóiste a shíneann ó thuaidh go pointe 975 mhéadar ón acomhal sin.

ii. An N6 óna acomhal le Bóthar Thuama N83 soir go pointe 80 méadar lastoir dá acomhal le Bóthar an Bhaile Bháin R865.

iii. An N6 óna acomhal leis an N59 Bóthar Thomáis Uí Eidhin soir go dtí a acomhal le Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh R338 agus Bóthar Áth Cinn R866.

iv. An N83 Bóthar Thuama ó phointe 20 méadar lastuaidh dá acomhal le L-5039 Bóthar an Chaisleáin Ghearr (ar a dtugtar Bóthar na Scoile freisin) a shíneann ó thuaidh go pointe 670 méadar ón acomhal sin.

v. Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ó phointe 40 méadar siar óna acomhal leis an gCuarbhóthar L-1020 a shíneann siar ó thuaidh go Teorainn na Cathrach.

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

Bóithre i gCathair na Gaillimhe a bhfuil luasteorainn speisialta de thríocha ciliméadar san uair (**30km/u**) forordaithe ina leith.

Na bóithre seo a leanas:

(i) Na bóithre go léir laistigh den limistéar atá iata ag teorainn leanúnach dúnta, ach gan an teorainn féin a áireamh, agus an teorainn comhdhéanta de:

a. An N6 óna acomhal leis an R338 Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh agus R866 Bóthar Áth Cinn (Acomhal Bodkin) go dtí a acomhal le Bóthar an Chaisleáin Nua Íochtarach R864.

b. R864 óna acomhal leis an N6 ar Bhóthar an Chaisleáin Nua Íochtarach go dtí a hacomhal leis an R337 ag an gCorrán trí Bhóthar an Chaisleáin Nua agus Bóthar Mhuire.

c. R337 óna acomhal leis an R864 Bóthar Mhuire go dtí a acomhal le Bóthar an Athar Uí Ghríofa an R336 tríd an gCorrán agus Ascaill an Athar Uí Ghríofa.

d. R336 Bóthar an Athar Ó Gríofa óna acomhal le hAscaill an Athar Uí Ghríofa an R337 go dtí a acomhal le Paráid na Spáinneach L-50601 trí Dhroichead Wolfe Tone.

e. L-50601 Paráid na Spáinneach óna acomhal leis an R336 go dtí a hacomhal leis an L-5057 Sráid na nDuganna Nua agus Bóthar an Duga.

f. Bóthar an Duga óna acomhal le Paráid na Spáinneach L-50601 agus L-5057 Sráid na nDuganna Nua go dtí a acomhal le Bóthar na Long L-5048.

g. L-5048 Bóthar na Long / Bóthar Loch an tSáile óna acomhal le Bóthar an Duga go dtí a acomhal le Bóthar an Choláiste R339.

h. R339 Bóthar an Choláiste óna acomhal le Bóthar Loch an tSáile L-5048 go dtí a acomhal leis an R338 Bóthar Mhóinín na gCiseach / Bóthar Bhaile Átha Cliath.

i. R338 óna acomhal le Bóthar an Choláiste R339 go dtí a acomhal leis an N6 agus an R866 Bóthar Áth Cinn (Acomhal Bodkin) trí Bóthar Mhóinín na gCiseach, Crois na Reilige agus Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh.

(ii) L-1004 Bóthar na Díge ó thardhroichead an N6 a shíneann ó thuaidh ar feadh achar 350m.

Arna ndéanamh agus arna nglacadh faoi Chomhshéala
CHOMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE.

Inniu an _____lá de _____ 2023.

I láthair nuair a greamaíodh Comhshéala Chomhairle Cathrach na Gaillimhe de seo:

_____
An Comhairleoir
Méara Chathair na Gaillimhe

_____
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Seirbhísí Corparáideacha